# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2014

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

DÉ MÁIRT 10 MEITHEAMH 2014 – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00

- Gabhann 40 marc le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, mar aon le fóilióna agus dátaí de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsaid.

**1. Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Is gnólacht troscáin é Hilo Tta agus bhí bearta creidmheasa agus bearta airgid thirim acu i mí na Bealtaine 2014.

**(A)** Déan na Bearta Creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na gCeannachán agus sa Leabhar Aischur Amach ag Hilo Tta do mhí na Bealtaine 2014.

Breac na figiúiri cuí ó na leabhair sna Cuntais Mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1/5/2014 | Cheannaigh earraí ar cairde ó GO Tta | Sonrasc Uimh. 27 | €34,000 + CBL 23% |
| 12/5/2014 | Cheannaigh earraí ar cairde ó STOP Tta | Sonrasc Uimh. 94 | €48,000 + CBL 23% |
| 20/5/2014 | D'aischur earrai go STOP Tta | Nóta Creidmheasa Uimh.17 | €16,000 + CBL 23% |

(15)

**(B)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do mhí na Bealtaine 2014 a thaifeadadh i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim Hilo Tta.

Breac na figiúirí cuí sna Cuntais Mhórleabhair.

Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Díolacháin CBL Scairchaipiteal

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí)**: Banc Ceannacháin CBL Creidiúnaithe Árachas

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8/5/2014 | D'infheistigh scairshealbhóirí €110,000 agus lóisteáladh é seo | | Admháil Uimh. 1 |
| 16/5/2014 | Lóisteáladh díolacháin | | €36,900 (€30,000 + CBL €6,900) |
| 18/5/2014 | D'íoc árachas | Seic Uimh. 10 | € 8,000 |
| 24/5/2014 | Íocadh GO Tta | Seic Uimh. 11 | €20,000 |
| 31/5/2014 | Ceannacháin le hathdhíol | Seic Uimh. 12 | €18,000 + CBL 23% |

(16)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar an 31 Bealtaine 2014 agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(9)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Díolacháin ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád.**

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Fuair Áine Ní Chonchúir, Bainisteoir na gCeannachán ag EARRAÍ SPÓIRT OC Tta, siopa spóirt, an Luachan seo a leanas ar an 16 Bealtaine 2014.

| | |
|---|---|
| **GACHSPÓRT Tta, Bóthar Ghort Rua, Corcaigh** | **Luachan Uimh. 786** |
| Teileafón: 021 1616616<br>Dáta: 13 Bealtaine 2014 | Cláruimhir CBL IE 3639761<br>Tag. Fios.: ANíC Bealtaine 2014 |
| Áine Iníon Ní Chonchúir<br>Bainisteoir Ceannacháin<br>EARRAÍ SPÓIRT OC Tta<br>Bóthar Alex, Corcaigh, | |
| A Iníon Ní Chonchúir<br><br>Táim buíoch díot as ucht d'fhiosraithe. Táim ag seoladh an luachain seo a leanas chugat.<br><br>60 cultacha spóirt uile-aimsire @ €150 an ceann<br>15 cultacha fliucha @ €175 an ceann<br>40 péire bróg siúil fear @ €125 an ceann<br><br>Téarmaí:<br>Lascaine Thrádála: 20%<br>Seachadadh: saor in aisce má cheannaítear níos mó ná luach €10,000<br>Modh Íocaíochta: íoc ar sheachadadh nó dréacht baincéara<br><br>Tá 23% CBL ar na hearraí thuas.<br><br>Tá catalóg istigh leis seo.<br><br>Mise, le meas,<br>Rónán Ó Súilleabháin, Bainisteoir Díolacháin | |

**(A)** (i) Minigh **aon trí** cinn de na téarmaí seo a leanas a bhfuil tagairt dóibh sa luachan thuas: lascaine thrádála, íoc ar sheachadadh, catalóg, dréacht baincéara.

(ii) Luaigh **dhá** mhodh a mbainfeadh gnólacht úsáid astu chun eolas d'fháil faoi earraí nó seirbhísí.

(iii) Cad iad na nósanna imeachta, **seachas ainm agus seoladh an díoltóra a sheiceáil**, ar cheart do EARRAÍ SPÓIRT OC Tta a úsáid nuair a bhíonn siad ag próiseáil luachan a thagann isteach?

(20)

**(B)** (i) Ni raibh Áine Ní Chonchúir sásta le praghas na gcultacha fliucha ach d'ordaigh sí na cultacha spóirt uile-aimsire agus na bróga siúil fear. Sheol GACHSPÓRT Tta Sonrasc Uimh. 450 dar dáta 29 Bealtaine 2014 chuig Áine. Comhlánaigh an Sonrasc bán *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Déan eisiúint an tSonraisc a thaifeadadh i Leabhar Díolachán GACHSPÓRT Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(iii) An mbeidh ar EARRAÍ SPÓIRT OC Tta íoc as an seachadadh?
Cuir tic sa bhosca ceart agus **mínigh** do fhreagra *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(20)
**(40 marc)**

3. **Is Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim agus le Bainistíocht Airgeadais Gnólachta**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Is gnólacht leictreachais ar conradh é SPRÉACHA Tta a dhíolann a sheirbhísí ar airgead tirim agus ar cairde.

**(A)** Ullmhaigh Leabhar Míondealaithe Airgid Thirim SPRÉACHA Tta do mhí na Bealtaine 2014 ó na sonraí leagtha amach thíos:

Nóta: Bain úsáid as na colúin airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Sealbhóirí Tí Cuideachtaí Scoileanna

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí)**: Banc Pá Ábhair Mótar Fógraíocht

| Dáta | Bearta | Fáltas Uimh. | Seic Uimh. | Méid € |
|---|---|---|---|---|
| 1/5/2014 | Dlite don Bhanc (RT) | | | 8,700 |
| 3/5/2014 | Fuarthas ó Mháire Ní Chuanaigh (Sealbhóir tí) | 1 | | 900 |
| 4/5/2014 | D'íoc as ábhair | | 1 | 1,300 |
| 10/5/2014 | D'íoc as árachas veain | | 2 | 3,000 |
| 12/5/2014 | Fuarthas ó ACCD Tta | 2 | | 6,000 |
| 15/5/2014 | D'íoc pá | | 3 | 2,000 |
| 18/5/2014 | Fuarthas ó Scoil Náisiúnta Naomh Iúd | 3 | | 4,700 |
| 20/5/2014 | D'íoc bille peitril | | 4 | 210 |
| 23/5/2014 | D'íoc bille fógraíochta | | 5 | 1,200 |
| 26/5/2014 | Fuarthas ó Iarbhunscoil MBC | 4 | | 2,800 |
| 29/5/2014 | Fuarthas ó Sheán Ó Murchú (Sealbhóir tí) | 5 | | 750 |
| 30/5/2014 | Fuarthas ó 2U Tta | 6 | | 2,200 |
| 31/5/2014 | D'íoc pá | | 6 | 3,500 |

(19)

**(B)** Tá imní ar stiúrthóiri SPRÉACHA Tta mar, cé go bhfuil an-chuid díolachán acu, bíonn siad i gcónaí rótharraingthe sa bhanc mar ní íoctar a mbillí leo in am. Teastaíonn do chabhair uatha chun a ngnó a stiúradh níos éifeachtaí.

Iarrann SPRÉACHA Tta ort:

(i) **Tri** nósannna imeachta a luaigh ar cheart don ghnólacht a chleachtadh chun monatóireacht a dhéanamh ar a fhorchostais.
(ii) **Dhá** shlí a mhíniú chun cur ar a gcustaiméirí íoc in am.
(iii) An forchostas is mó atá ag SPRÉACHA Tta i mí na Bealtaine 2014 a shainaithin. **Dhá** shlí a mhíniú chun an forchostas seo a laghdú.

(21)
**(40 marc)**

4. **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair SEA Tta, stór bróg, ar an 31 Nollaig 2013. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 350,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH SEA Tta**<br>**ar an 31 Nollaig 2013** | **Dr**<br>**€** | **Sr**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 128,000 | 390,000 |
| Stoc Tosaigh 01/01/2013 | 20,000 | |
| Dleacht Allmharaíochta | 9,000 | |
| Cíos Infhaighte | | 16,000 |
| Pá | 70,000 | |
| Árachas | 12,800 | |
| Ús ar Iasacht 20 Bliain | 4,000 | |
| Díbhinní Íoctha | 14,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 85,000 |
| Foirgnimh | 420,000 | |
| Veaineanna Mótair | 170,000 | |
| Airgead Tirim | 5,200 | |
| Feichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 22,000 | 18,000 |
| Rótharraingt Bhainc | | 6,000 |
| Iasacht 20 Bliain | | 80,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe | | 280,000 |
| | 875,000 | 875,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála**, **Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** SEA Tta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013, maille le **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar an 31 Nollaig 2013.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc Deiridh | €14,000 |
| (ii) | Cíos infhaighte dlite | € 6,000 |
| (iii) | Pá dlite | € 8,000 |
| (iv) | Árachas réamhíoctha | € 3,400 |
| (v) | Dímheas: | Foirgnimh 5%<br>Veaineanna Mótair 14% |

(35)

**(B)** Ríomh an ráta úis a íocadh ar an Iasacht 20 Bliain.

(5)
**(40 marc)**

| 5. | **Baineann an Cheist seo le Tosú Gnólachta, le Bunú Cuideachta agus le Margaíocht.** |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Cónaíonn Máire agus Pádraig Ó Ceallaigh ag Airdeanna Maorga, Tuaim, Co. na Gaillimhe. Is siúinéir í Máire agus is dearthóir inmheánach é Pádraig. Fágadh an bheirt iomarcach de bharr cúlú san fhoirgníocht.

Bhí teach níos fairsinge ag teastáil uatha ach, ós rud é nach bhféadfadh siad morgáiste mór go leor a fháil, chinn siad ar áilear an tí a athchóiriú go dhá sheomra codlata sa bhreis agus seomra folcaidh. D'éirigh chomh maith sin leo spás sa bhreis a chur ar fáil gur iarr a ngaolta agus na comharsain orthu obair den chineál céanna a dheanamh ar a dtithe féin.

Spreag an dea-thoradh seo iad chun páirt a ghlacadh sa chlár teilifíse Dragons' Den. Lorg siad €180,000 le haghaidh scair 40% dá ngnó. Chuaigh sé seo i bhfeidhm ar thriúr dragún, Gavin, Ramona agus Barra, agus rinne siad san tairiscint chomhpháirteach de €180,000 le haghaidh scair 60% den ghnó.

Ní raibh Máire agus Padraig toilteanach 60% dá ngó a ghéilleadh agus dhiúltaigh siad don tairiscint. Mar sin shocraigh siad ar chuideachta theoranta phríobháideach a bhunú darbh ainm CMS Tta.

Is iad na cuspóiri atá ag CMS Tta ná athchóiriú áiléir chun breis spáis maireachtála a chur ar fáil.
Is é Scairchaipiteal Údarathe CMS Tta ná 200,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

Sheol siad na doiciméid a bhí riachtanach, An Meabhrán Comhlachais agus an táille cláraithe istigh leis, chuig Oifig Cláraithe na gCuideachtaí. Cláraíodh CMS Tta mar chuideachta theoranta phríobháideach ansin. Is é seoladh gréasáin an chuideachta ná www.cms.ie.

Ar an 10 Meitheamh 2014 cheannaigh Máire agus Pádraig 25,000 gnáthscair an duine ar €1 an ceann. Lóisteáladh an t-airgead a fuarthas i gCuntas Bainc an Chuideachta.

**(A)** (i) Cén luach a chuir na dragún ar an ngnólacht nuair a thairg siad €180,000 ar scair 60%. *Scríobh do fhreagra ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Comhlánaigh an Meabhrán Comhlachais *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.* (13)

**(B)** (i) Ainmnigh an doiciméad a gheobhaidh CMS Tta ó Oifig Cláraithe na gCuideachtaí nuair atá sé cláraithe. *Scríobh do fhreagra ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Déan eisiúint na ngnáthscaireanna ar an 10 Meitheamh 2014, a thaifeadadh sa Chuntas Bainc agus sa Chuntas Gnáth-scairchaipiteal *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.* (9)

**(C)** (i) Is é costas gach athchóiriú ná é seo a leanas:
Ábhair €4,200, Obair €2,800 agus Fearas ar Cíos €600.
Is é praghas díolta gach athchóiriú ná costas déanta móide 25%.
Ríomh praghas díolta gach athchóiriú.

(ii) Lainseálfaidh CMS Tta an cuideachta nua ar an 1 Iúil 2014.
Dréacht fógra atá oiriúnach agus tarraingteach chun CMS Tta a chur chun cinn.
(Ba cheart go mbeadh **cúig** míreanna eolais sa bhfógra.)

(18)
**(40 marc)**

**6.** **Baineann an Cheist seo le Fostaíocht agus le Caidreamh Tionscalaíoch**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Mínigh **dhá** cheart atá ag fostóirí agus **dhá** cheart atá ag fostaithe. (12)

**(B)** Luaigh **trí** chéim chun aighneas caidrimh thionsclaíoch a fhuascailt. (6)

**(C)** Déan staidéar ar an tuairisc nuachtáin seo a leanas ar aighneas caidrimh thionsclaíoch, agus freagair na ceisteanna a leanann í:

> Tá Baile Átha Cliath ag súil le hanord iompair toisc go bhfuil thart ar 3,000 baill de dhá cheardchumann, SIPTU agus NBRU le dul ar stailc ó mheánoíche de Sathairn. Tá na hoibrithe ag déanamh agóide in aghaidh a bhfostóra, Bus Átha Cliath, atá ag pleanáil gearradh costais de €11.7 milliún. Leis an bplean seo laghdófar pá tosaithe fostaithe nua de 10%, meadófar uaireanta oibre ó 36 uair go dtí 39 uair sa tseachtain agus gearrfar rátaí ragoibre ar an Domhnach ó am faoi thrí go dtí am dúbailte. Is féidir go gcosnóidh an stailc €600,000 in aghaidh an lae do Bhus Átha Cliath.
>
> Beidh ar na deicheanna mílte oibrí eile agus ar shiopadóirí modhanna eile iompair d'fháil. Tá Iarnród Éireann, An Luas, cuideachtaí príobháideacha bus agus cuideachtaí tacsaí ag súil le méadú mór éilimh ar a seirbhísí.
>
> Dúirt an t-Aire Iompair gur féidir go gcaillfeadh oibrithe eile a jabanna muna gcuirtear deireadh leis an aighneas. Moladh go bhfaighfí tríú páirtí oiriúnach a thabharfadh na ceardchumainn agus Bus Átha Cliath le chéile ag cruinniú.

(i) Luaigh na **trí** pháirtí atá páirteach san aighneas.

(ii) Mínigh an chúis atá leis an aighneas.

(iii) Gan trácht orthu siúd atá luaite ag (i) thuas, luaigh **dhá** pháirtí ar cuireadh isteach orthu ag an aighneas.

(iv) Sainaithin tríú páirtí a chabhródh, b'fhéidir, leis an aighneas a shocrú.

(v) Cuir i gcás go n-oibríonn tiománaí, le bunráta pá de €17.60 san uair, cúig uair an chloig ragoibre ar an Domhnach. Ríomh an laghdú ar phá an tiománaí dá laghdófaí an ráta ragoibre ó am faoi thrí go dtí am dúbailte.

(22)

**(40 marc)**

Leathanach Bán